2026/388

24.2.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/388 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Feabhra 2026

lena bhformheastar modhnú ar théarma traidisiúnta in earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagal 115(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Federweisser')

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 115(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 28(2) agus (3) agus Airteagal 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([2]), scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ar fhormheas ar mhodhnú ar an téarma traidisiúnta 'Federweisser', iarratas a chuir an Ghearmáin ar aghaidh, agus d'fhoilsigh sé in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) é.

(2) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/34 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an modhnú ar an téarma traidisiúnta 'Federweisser' a fhormheas agus a chur isteach i gclár leictreonach na dtéarmaí traidisiúnta faoi chosaint dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An modhnú ar an téarma traidisiúnta 'Federweisser', formheastar leis seo é.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint agus ar lipéadú ainmniúchán tionscnaimh agus tásc geografach, iarratais ar chosaint, an nós imeachta agóide, modhnú agus cealú téarmaí traidisiúnta agus lipéadú agus cur i láthair in earnáil an fhíona (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/33/oj).

([3]) IO C, C/2025/4084, 23.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4084/oj.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le seiceálacha i ndáil le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint agus iarratais ar chosaint, an nós imeachta agóide, clárú, modhnú agus cealú téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona (IO L 9, 11.1.2019, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/34/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN